| *D'úsáid oifige amháin:* |
|---|
| Maoin FMS: …………….. |
| An Dáta a fuarthas: ……………... |
| Cuntas cíosa: ……………… |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

IARRATAS AR THEACH COMHAIRLE A CHEANNACH FAOI THÉARMAÍ
na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach) 2016 &
na Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021

**Uimh. an Chustaiméara:** _____

**Seoladh na Maoine:** ____________________________________________

**Éirchód:** ______________________

| **Sonraí an Iarratasóra:** | **Tionónta** | **Nascthionónta** |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Uimhir PSP | | |
| Uimhir Theileafóin | | |
| Dáta breithe | | |
| Seoladh Ríomhphoist | | |
| Stádas Sibhialta (Pósta) | | |
| Foinse (Foinsí) Ioncaim* | | |
| Ioncam Comhlán Bliantúil | | |

**Céile/Páirtí Sibhialta/Comháitritheoir an Tionónta a bhfuil Cónaí air sa Teach (murar nascthionónta é):**

| Ainm | Gaol leis an tionónta | Uimh. PSP | Foinse (Foinsí) Ioncaim* | Ioncam comhlán bliantúil |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

* Ní mór doiciméid a chur ar fáil chun tacú le fianaise ar ioncam mar a shonraítear ar an leathanach atá ceangailte. Tá foinsí ioncaim nach féidir a áireamh faoi iamh freisin.

**An bhfuil teach ceannaithe agat roimhe seo faoi scéim ceannaigh ag tionóntaí nó faoi scéim ceannaigh incrimintigh?**

Tá: ☐ Níl: ☐

***Ní ghlacfar le híocaíochtaí airgid**

**Cén fhoinse mhaoinithe atá beartaithe don airgead ceannaigh?**

D'acmhainní Féin*: ☐ Morgáiste Príobháideach: ☐ Iasacht ón Údarás Áitiúil: ☐

***Ní ghlacfar le híocaíochtaí airgid**

**Cionta Oird Phoiblí**

Ar ciontaíodh aon duine den teaghlach i gcion faoi na hailt a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 sna 5 bliana roimh dháta an iarratais seo?

| | |
|---|---|
| Cuid 5: | Iompar mí-ordúil in áit phoiblí |
| Cuid 6: | Iompar bagrach, maslach nó tarcaisneach in áit phoiblí |
| Cuid 7: | Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí |
| Cuid 14: | Círéib |
| Cuid 15: | Neamhord foréigneach, nó |
| Cuid 19: | Ionsaí nó bac ar oifigeach síochána nó ar phearsanra na seirbhísí éigeandála |

Ciontaíodh: ☐ Níor ciontaíodh: ☐

Má 'Ciontaíodh', tabhair sonraí:______________________________________________________
(áirigh ainm, seoladh agus sonraí an chiontaithe)

An raibh aon duine den teaghlach faoi réir Ordú Cúirte faoi na forálacha reachtúla a leanas sna 5 bliana roimh dháta an iarratais seo?

- Alt 3, 3A nó 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997: Faoi réir ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach,
- Alt 257D d'Acht na Leanaí 2001 (Uimh. 24 de 2001); Faoi réir ordú iompair, nó
- Alt 115 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 (Uimh. 26 de 2006); Faoi réir ordú sibhialta.

Bhí: ☐ Ní raibh: ☐

Má 'Bhí', tabhair sonraí:____________________________________________________________
(áirigh ainm, seoladh agus sonraí an orduithe)

**TÁBHACHTACH - Eolas d'aird an iarratasóra Fógra maidir le**

**Cionta**

Foráiltear le halt 32(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus alt 6 den Acht Fíneálacha 2010 gur cion é, agus gur féidir pionós a ghearradh air mar chiontú le fíneáil d'aicme C (i.e. méid nach mó ná €2,500 ach níos mó ná €1,000), do dhuine faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach a sholáthar go feasach nó aon fhíoras ábhartha a cheilt go feasach i ndáil le teach a cheannach faoi Alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Foráiltear le hAlt 32(8) d'Acht 2009 gur féidir le húdarás tithíochta, i gcás ina gciontaítear duine i gcion faoi alt 32(7), aon leibhéal is airde caiteachais a thabhaigh an t-údarás tithíochta le linn teach a dhíol de bharr a bheith ag brath ar an eolas bréagach, míthreorach nó eolas nár nochtadh a ghnóthú ón duine sin.

**Sonraí a Bhailiú agus a Úsáid**

Úsáidfidh an t-údarás tithíochta na sonraí atá curtha ar fáil agat chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas agus chun d'iarratas a riar. Féadfar sonraí a roinnt agus a fhíorú le comhlachtaí poiblí eile chun críche calaois a chosc nó a bhrath. Féadfaidh an t-údarás tithíochta, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na sonraí seo a phróiseáil chun críche taighde.

**Eolas Breise**
Sa chás go n-iarrann Comhairle Chontae na Gaillimhe é, ní mór don iarratasóir (na hiarratasóirí) eolas breise a chur ar fáil laistigh de cheithre seachtaine.

Tá gach comhfhreagras idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an t-iarratasóir (na hiarratasóirí) gan dochar agus faoi réir aon Ordú Aistrithe.

**Dearbhú**
Déanaim/Déanaimid* iarratas leis seo chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an teach thuasluaite a cheannach faoi théarmaí na Scéime Ceannaigh ag Tionónta (Incrimintiúil) 2016 & na Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021.

Glacaim/Glacaimid* nach ionann díolachán tí faoin scéim seo agus aon bharánta ón údarás tithíochta maidir le staid deisiúcháin nó riocht an tí nó chomh oiriúnach agus atá an teach mar áit chónaithe do dhaoine agus ós rud é go ndéanfar an teach a luacháil bunaithe ar riocht reatha an tí, níl an t-údarás tithíochta faoi aon oibleagáid an teach atá á cheannach faoin scéim a chur i riocht maith déanmhais roimh dhíol.

Glacaim/Glacaimis* leis gurb é an ceannaitheoir a bheidh freagrach as cothabháil agus obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an teaghais tar éis a díolta.

Glacaim/Glacaimis* leis, mura dtugtar a mhalairt de threoir dom/dúinn, go ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe socrú chun an teach a dhílsiú in ainmneacha i gcomhar an tionónta agus a chéile/céile.

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé/thugamar ar an iarratas seo fíor agus ceart.

Údaraím/Údaraímid* an t-údarás tithíochta cibé fiosrú is gá a dhéanamh a dhéanamh d'fhonn na mionsonraí maidir le m'iarratas/ár n-iarratas a fhíorú.

Táim/Táimid* ar an eolas gur ionann eolas bréagach nó míthreorach a chur ar fáil agus cion agus go bhféadfaí mise/muid a ionchúiseamh ina leith.

* (Scrios mar is cuí)

Sínithe ag: ___________________________ Sínithe ag: ______________________
Tionónta Nascthionónta

Dáta: ____________________________ Dáta: ___________________________

**Doiciméid Tacaíochta le Cur leis an Iarratas**

Ní mór an fhianaise dhoiciméadach a leanas, trína ndéantar na cineálacha ioncaim inríofa a fhíorú, a sheoladh ar aghaidh.

**Ioncam fostaí:**

- Foirm P60 agus 3 dhuillín pá maidir le gach fostaíocht agus, i gcás inar gá, deimhniú tuarastail fostóra sínithe agus stampáilte, ina gcuirtear téarmaí fostaíochta, tuarastal bunúsach, ragobair, coimisiún, bónais agus aon íocaíochtaí eile in iúl; tá P21 ag teastáil freisin.

**Ioncam ó fhéinfhostaíocht:**

- cóip de na cuntais ioncaim agus caiteachais do gach gnó nó doiciméadúchán dá leithéid a bhfuil an t-údarás tithíochta sásta leis maidir le nádúr agus suim an ioncaim atá i gceist;

**Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí:**

- doiciméid arna n-eisiúint ag an Roinn sin, ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

Meastar na híocaíochtaí seo a leanas mar phríomhfhoinse ioncaim: Pinsean Ranníocach agus Neamh-Ranníocach an Stáit, Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, Páirtí Sibhialta Marthanach (Ranníocach agus Neamhranníocach), Pinsean na nDall, Pinsean Easláine agus Liúntas Míchumais.

Ní bheidh ioncam ó gach íocaíocht leasa shóisialaigh eile de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ináirithe ach amháin sa chás gur foinse thánaisteach ioncaim iad na híocaíochtaí sin, i.e., is ioncam ináirithe é íocaíocht leasa shóisialaigh do thionónta a fhaigheann ioncam ó fhostaíocht, agus is ioncam ináirithe é íocaíocht leasa shóisialaigh do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir tionónta i bhfostaíocht, cibé acu atá nó nach bhfuil an íocaíocht sin de bhreis ar ioncam fostaíochta an chéile, an pháirtí shibhialta nó an chomhchónaitheora sin;

**Ioncam cíosa ó thalamh nó ó mhaoin:**

- cóip de chuntais nó ráiteas maidir le hioncam

cíosa; **Ús coigilte, infheistíochtaí nó díbhinní:**

- ráiteas ón institiúid airgeadais nó ó sholáthraí eile, ina sonraítear an méid a íocadh;

**Pinsean:**

- doiciméad arna eisiúint ag an gcomhlacht lena mbaineann, ina

sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh; **Íocaíochtaí cothabhála a fuarthas**:

- an tOrdú Cúirte, socrú nó comhaontú cothabhála foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, nó ráiteas aturnae, ina sonraítear méid agus minicíocht agus dáta deiridh na n-íocaíochtaí, agus fianaise dhoiciméadach go bhfuil na híocaíochtaí riachtanacha á ndéanamh de réir an ordaithe, an tsocraithe, an chomhaontaithe nó an ráitis lena mbaineann;

**Ioncam ó aon fhoinse eile:**

- fianaise dhoiciméadach ón duine nó ó chomhlacht cuí lena mbaineann, ina sonraítear foinse

agus nádúr an ioncaim agus an tsuim a íocadh.

**Cruthúnas go bhfuarthas Tacaíocht do Thithíocht Shóisialta**

Is gá do thionóntaí a bheith ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta le 10 mbliana ionas go measfar iad a bheith incháilithe faoin scéim. I gcás comhthionóntachtaí, áfach, ní gá ach do thionónta amháin a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta ar feadh 10 mbliana.
Ní mór fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil, nuair is gá, agus d'fhéadfadh cruthúnas go bhfuarthas Forlíonadh Cíosa, Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, cúnamh faoin Scéim Cóiríochta Cíosa agus sonraí tionóntachta maidir le tithíocht shóisialta etc. a chur isteach de réir mar is infheidhme maidir le gach iarratasóir.

**Neamhaird Ioncaim**

Níl ioncam ó na foinsí a leanas ináirithe faoin scéim agus ní áirítear iad agus cinneadh a dhéanamh maidir le hioncam comhlán an tionónta:

(a) Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh i leith na nithe seo a leanas –
(i) Sochar Linbh
(ii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Ranníocach)
(iii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Neamhranníocach) (iv) Liúntas Cúramóra (Ráta iomlán nó leathráta)
(v) Sochar Cúramóra
(vi) Liúntas Cúraim Baile
(vii) Liúntas Síorfhreastail
(viii) Liúntas Gaolta Forordaithe
(ix) Pacáiste Sochar Teaghlaigh (lena n-áirítear Liúntas Leictreachais agus Gáis) (x) Liúntas Breosla
(xi) Liúntas Teileafóin
(xii) Méadú as cónaí ar Oileán Sonraithe
(xiii) Liúntas Maireachtála Aonair (Pinsean)
(xiv) Forlíonadh Aiste Bia
(xv) Íocaíochtaí faoin Scéim um Chúram Leighis
(xvi) An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair
(xvii) Sochar Míthreorach

Íocaíochtaí aonuaire nó íocaíochtaí neamhrialta, lena n-áirítear mar shampla Deontas Tacaíochta Cúramóra, Deontas Tacaíochta Oiliúna, Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua, Íocaíocht Riachtanas Breise (lena n-áirítear Íocaíocht Riachtanas Eisceachtúil agus Íocaíocht Riachtanas Práinneach), An Scéim Cúnaimh Dhaonnúil, Deontas Sochraide.

(b) Scéimeanna fostaíochta pobail amhail Clár Fostaíochta Pobail, Clár Seirbhísí Pobail, Gateway (Scéim Gníomhachtaithe na nÚdarás Áitiúil), an Clár Taithí Socrúcháin Oibre, Tús (Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail); méid an ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Fhorlíontaigh.

(c) Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó ón Roinn Oideachais / ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nó ó aon Roinn Rialtais nó gníomhaireacht stáit i leith cúrsa oideachais nó oiliúna: an méid ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Fhorlíontaigh.

(d) Íocaíochtaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le—
(i) Liúntas Cúraim Altrama
(ii) Liúntas Leasa na nDall
(iii) Liúntas soghluaisteachta

(e) Íocaíochtaí ón Roinn Oideachais, nó faoi scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn sin, i leith na nithe seo a leanas—
(i) Scéimeanna deontas mac léinn
(ii) Scéim Deontais um Theagasc Baile
(iii) Liúntas oiliúna ógtheagmhála

(f) Íocaíochtaí a fuarthas mar liúntas oiliúna le linn a bheith faoi chúrsa oiliúna athshlánúcháin ag eagraíocht atá ceadaithe ag an Aire Sláinte;

Na híocaíochtaí ilghnéitheacha seo a leanas:
(g) Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanais, is comhlachtaí a sheoltar a ngníomhaíochtaí ar shlí seachas le haghaidh brabúis (ach gan aon údarás áitiúil ná údarás poiblí eile a áireamh) agus arb é ceann dá fheidhmeanna cabhrú le daoine i ngátar trí dheontais airgid a thabhairt dóibh;

(h) Íocaíochtaí arna ndéanamh ag Ballstát eile de chuid an Aontais agus/nó ag an Ríocht Aontaithe (Comhlimistéar Taistil)
a chomhfhreagraíonn do Shochar Linbh;

(i) Scoláireachtaí i leith freastal ar chúrsaí ceadaithe arna soláthar ag forais cheadaithe, de réir bhrí ailt 7 agus 8 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011), faoi seach;

(j) Ioncam tuillte ag leanaí.

## Aguisín I - DEIMHNIÚ TUARASTAIL – (le comhlánú ag Fostóir an Chéad Iarratasóra)

**SONRAÍ FOSTAÍOCHTA**

**Ainm an Fhostaí:** ____________________

**Achar seirbhíse leis an gcuideachta:** **Blianta** ______**Míonna** _________

**Post sa chuideachta:** ____________________

**Suíomh beacht na fostaíochta:** ____________________

**An bhfuil an fhostaíocht buan? Tá** ☐ **Níl** ☐

**An bhfuil an fostaí ar thréimhse** **Tá** ☐ **Níl** ☐

**Faoi láthair, an gceapann tú go leanfaidh sé/sí de bheith i do sheirbhís?** ☐ **Ní** ☐

**Más 'ceapaim' do fhreagra, cén t-uasmhéid a bhaineann le scála dá leithéid agus**

**SONRAÍ**

| | Tuarastal | Tuarast | Tuarasta |
|---|---|---|---|
| OllPhá/Olltuarastal bunúsach: | ☐ | ☐ | ☐ |
| ____________________Ra | ☐ | ☐ | ☐ |
| gobair in aghaidh na bliana:__________ | ☐ | ☐ | ☐ |
| ____________________Bó | ☐ | ☐ | ☐ |
| nas in aghaidh na bliana: | ☐ | ☐ | ☐ |
| ____________________Coi | | | |

____________________

**TÁ AN CHUID SEO LE COMHLÁNÚ AG OIFIGEACH CUIDEACHTA ÚDARAITHE**

**Sínithe ag:** ____________________

**Post:**____________________

**Ainm na Cuideachta:** ____________________

**Seoladh:** ____________________

____________________

**Fíordheimhnigh le stampa nó le séala na**

**Uimh Theileafóin:** __________ **Dáta:** ______________

CAITHFEAR LEIS AN EOLAS A THABHARFAR GO hUILE AGUS GO hIOMLÁN

## Aguisín I - DEIMHNIÚ TUARASTAIL – (le comhlánú ag Fostóir an Dara hIarratasóir)

**SONRAÍ FOSTAÍOCHTA**

**Ainm an Fhostaí:** ______________________________________________

**Fad na seirbhíse leis an gcuideachta:** **Blianta** ______ **Míonna** _________

**Post sa chuideachta:** _____________________________________________

**Suíomh beacht na fostaíochta:** ____________________________________

**An bhfuil an fhostaíocht buan? Tá** ☐ **Níl** ☐

**An bhfuil an fostaí ar thréimhse phromhaidh?** ☐ **Tá** ☐ **Níl**

**Faoi láthair, an gceapann tú go leanfaidh sé/sí de bheith i do sheirbhís?** ☐ **Ceapaim** ☐ **Ní Cheapaim**

**Más 'ceapaim' do fhreagra, cén t-uasmhéid a bhaineann le scála dá leithéid agus cé na breisíochtaí bliantúla a bhaintear amach ina leith?**

**Dá mhéid is eol duit an leanfaidh sé/sí i mbun seirbhíse leat?** ☐ **Leanfaidh** ☐ **Ní**

**Leanfaidh SONRAÍ TUARASTAIL**

| | | Tuarastal Cinnte | Tuarastal Rialta | Tuarastal Neamhrialta |
|---|---|---|---|---|
| **OllPhá/Olltuarastal bunúsach:** __________ | **In aghaidh na bliana** | ☐ | ☐ | ☐ |
| **Ragobair:** __________ | **In aghaidh na bliana** | ☐ | ☐ | ☐ |
| **Bónas:** __________ | **In aghaidh na bliana** | ☐ | ☐ | ☐ |
| **Coimisiún:** __________ | **In aghaidh na bliana** | ☐ | ☐ | ☐ |
| **Ioncam eile*:** __________ | **In aghaidh na bliana** | | | |

***Tabhair sonraí maidir le hioncam eile** ______________________________________________

**TÁ AN CHUID SEO LE COMHLÁNÚ AG OIFIGEACH CUIDEACHTA ÚDARAITHE**

**Sínithe ag:** ______________________________

**Post:** ______________________________

**Ainm na Cuideachta:** ______________________________

**Seoladh:** ______________________________

**Fíordheimhnigh le stampa nó le séala na cuideachta le do thoil**

**Uimh Theileafóin:** __________ **Dáta:** ____________

CAITHFEAR LEIS AN EOLAS A THABHARFAR GO hUILE AGUS GO hIOMLÁN FAOI RÚN

**Uimh Theileafóin:** __________ **Dáta:** ____________

**CAITHFEAR LEIS AN EOLAS A THABHARFAR GO hUILE AGUS GO hIOMLÁN FAOI RÚN**

**TÁ AN FHOIRM SEO DE DHÍTH MAIDIR LE hIARRATASÓIR A FHAIGHEANN LEAS SÓISIALACH**

**Ainm**: ___________________________________________________________________

**Seoladh**: _________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________

**Uimhir PSP**: ______________________________________________________________

**Maidir leis an iarratasóir ar iasacht thuasainmnithe, deimhním go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ceart**:

**MÉID NA NÍOCAÍOCHTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH (SOCHAR /CÚNAMH DÍFHOSTAÍOCHTA) A FUARTHAS Ó**:

1 Eanáir ______________go dtí an 31 Nollaig _____________= € ___________________

SUIM REATHA SOCHAIR/CÚNAIMH DHÍFHOSTAÍOCHTA ATÁTHAR A FHÁIL:

€ _________SA TSEACHTAIN

**RÁITEAS INA LEAGTAR AMACH MIONDEALÚ AR ÍOCAÍOCHTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH ATÁ LE CUR ISTEACH**

**LE COMHLÁNÚ AG OIFIGEACH DE CHUID NA ROINNE LEASA SHÓISIALAIGH/MALARTÁIN FOSTAÍOCHTA**

Deimhním leis seo, de réir mo thaifid agus a fhad agus is eol dom, go bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil ag an duine thuasainmnithe.

**SÍNITHE:** ______________ **DÁTA:** / /

**STAMP/OIFIGIÚIL**

| Aguisín 2 | An Dara hIarratasóir |
|---|---|

**TÁ AN FHOIRM SEO DE DHÍTH MAIDIR LE hIARRATASÓIR A FHAIGHEANN LEAS SÓISIALACH**

**Ainm**:
___________________________________________________________________

**Seoladh**:
_________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Uimhir PSP**:
________________________________________________________________________

**MÉID NA NÍOCAÍOCHTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH (SOCHAR /CÚNAMH DÍFHOSTAÍOCHTA) A FUARTHAS Ó**:

**MÉID IOMLÁN AN TSOCHAIR/AN CHÚNAIMH DÍFHOSTAÍOCHTA A FUARTHAS Ó**:

1 Eanáir ______________go dtí an 31 Nollaig _____________= € ___________________

SUIM REATHA SOCHAIR/CÚNAIMH DHÍFHOSTAÍOCHTA ATÁTHAR A FHÁIL:

€ ________SA TSEACHTAIN

**RÁITEAS INA LEAGTAR AMACH MIONDEALÚ AR ÍOCAÍOCHTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH ATÁ LE CUR ISTEACH**

**LE COMHLÁNÚ AG OIFIGEACH DE CHUID NA ROINNE LEASA SHÓISIALAIGH/MALARTÁIN FOSTAÍOCHTA**

Deimhním leis seo, de réir mo thaifid agus a fhad agus is eol dom, go bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil ag an duine thuasainmnithe.

**SÍNITHE:** __________ **DÁTA:** / /

**STAMP OIFIGIÚIL**